



Caibidil 11 Gnáthaimh Phráinne



Ní chuireann na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa Chaibidil seo cosc ar aon ártach, ártach tarthála nó ar aon duine i nguais, aon mhodh atá faoina réir a úsáid chun aird a tharraingt, a suíomh a chur in iúl agus cabhair a fháil.



11.1 Nós imeachta chun glao guaise nó éigeandála a dhéanamh le craoladh gutha VHF

11.1.1 Nós imeachta chun ghlaó éigeandála a dhéanamh le craoladh gutha VHF – MAYDAY

I gcásanna go bhfuil contúirt thromchúiseach nó i gcóngar don ártach nó do dhaoine ar bord, ba chóir MAYDAY a chraoladh ar Chainéal 16 leis an aonad VHF ar ardchumhacht san fhormad seo a leanas:

“MAYDAY, MAYDAY, MAYDAY,

Is é seo ‘AINM AN ÁRTHAIGH’, ‘AINM AN ÁRTHAIGH’, ‘AINM AN ÁRTHAIGH’

(Abair ainm an ártthaigh faoi **thrí**)

MAYDAY,

‘AINM AN ÁRTHAIGH’

ABAIR SUÍOMH AN ÁRTHAIGH

(más féidir tabhair an suíomh ó ghilcadóir GPS, nó treonna ó aon mharc socair agus an t-achar uaidh,

m.sh. “Suíomh aon mhíle ó Dheas de Theach Solais Fastnet”)

INIS CÉN CINEÁL GUAISE É

(m.sh. ag dul go tóin poill, duine i bhfarráige, tine ar bord, ...)

TABHAIR LÍON NA NDAOINE ATÁ AR BORD

TABHAIR AON FHAISNÉIS ÚSÁIDEACH EILE

THART.”

11.1.2 Nós imeachta chun craoladh práinne a dhéanamh le VHF – PAN-PAN

I gcúinsí atá tromchúiseach ach nach dteastaíonn cabhair láithreach dóibh agus nuair nach bhfuil aon chontúirt ar tí a tharlú don ártach ná do dhaoine ar bord, m.sh. teip mheicniúil, cailleanas tiomána, ba chóir craoladh práinne “PAN-PAN” a dhéanamh ar Chainéal 16 VHF leis an aonad ar ardchumhacht san fhormad seo a leanas:

“PAN-PAN, PAN-PAN, PAN-PAN,

**GACH STÁISIÚN, GACH
STÁISIÚN, GACH STÁISIÚN**

**IS É SEO ‘AINM AN ARTHAIGH’,
‘AINM AN ARTHAIGH’, ‘AINM AN
ARTHAIGH’**

(Abair ainm an tárthaigh faoi **thri**)

ABAIR SUÍOMH AN ARTHAIGH

(más féidir tabhair an suíomh ó ghlacadóir GPS, nó treonna ó aon mharc socair agus an t-achar uaidh, m.sh. “Suíomh aon mhíle ó Dheas de Theach Solais Fastnet”)

INIS CÉN CINEÁL GUAISE É.

(m.sh. Ártach imithe le sruth, teip mheicniúil, ...)

**TABHAIR LÍON NA NDAOINE ATÁ
AR BORD**

**CABHAIR AG TEASTÁIL AGUS
AON FHAISNÉIS IOMCHUÍ EILE.**

THART.”

11.2 Cineáil de ghlaonna éigeandála ar raidió

Ó tháinig an Córas Guaise agus Sábháilteachta Muirí Domhanda (GMDSS) chun cinn rinneadh roinnt athruithe ar an gcaoi agus ar an modh lena gcuirtear tús le ghlaonna guaise ó árthaigh.

Tá áis Ghlaote Roghnach Digiteach (GRD) ar raidiúnna VHF trína gcuirtear glaoch guaise i gníomh trí lasc ar leith a bhrú ar an raidió.

Craolann an córas seo ar ghlaogach-stáisiún ar Chainéal 70.

Do raidiúnna gan GRD, fanann Chainéal 16 mar chainéal éisteachta do ghlaonna guaise.

D’fhéadfadh dhá rud tarlú mar sin:

11.2.1 Glao Uathobrithe

Ní oibríonn sé seo ach ar ghléasanna raidió GRD. Cuireann an t-oibreoir tús le glao ar gach stáisiún go héasca tríd an gclúdach a bhaint den lasc dearg GRD ar phainéal an raidió agus é a bhrú. Craolfaidh sé seo cód Aitheantais Seirbhíse Soghluaiste Muirí (ASSM) – sraith de naoi ndigít, gan aon gníomh eile ón gcriú ag teastáil.

Chomh maith leis an gcód ASSM, má bhíonn sé comhnasctha le GPS tig leis suíomh an bháid a thabhairt freisin, agus (ag brath ar na socruithe) d’fhéadfadh sé eolas a thabhairt faoin gcineál éigeandála atá ann.

Taispeánfar an fhaisnéis uile ar phainéal taispeána aon ghléas glacadóireachta. Athróidh gléasanna atá ag craoladh agus ag glacadh go Chainéal 16 ionas gur féidir breis faisnéise a chraoladh, m.sh. teachtaireacht labhartha MAYDAY, nádúr na héigeandála, srl.

11.2.2 Glao Neamh-Uathoibríoch

Caithfidh gléasanna VHF gan GRD brath ar fhormáid thraidisiúnta an chraolacháin ar chainéal 16 chun glao MAYDAY a dhéanamh. Bí cinnte go bhfuil an gléas curtha go cainéal 16 agus go bhfuil sé ag craoladh ar lánchumhacht.

Is ceart an fhormáid chraolacháin MAYDAY a bhfuil cur síos air thuas a úsáid.

11.2.3 Raidíonna Láimhe VHF a Úsáid

Is féidir trealamh raidió VHF soghluaiste a úsáid ar bháid bheaga go háirithe nuair nach mbeadh sé praiticiúil raidió socraithe VHF a shuiteáil. Ba chóir go mbeadh ceadúnas leis an trealamh seo agus glao-chomhartha raidió eisithe dó.

Ní bheidh an VHF soghluaiste ceadúnaithe ach le bheith úsáidte ar bhád le haghaidh cumarsáide le stáisiún chósta, údaráis chuain, ionaid mhuiríne agus báid eile – **níor chóir é a úsáid ar an talamh.**

11.3 Rabhchán Raidió Lena Léirítear Suíomh Éigeandála (EPIRB)

Tá leagan amháin Rabhchán Guaise ann – an ‘406 MHz’.

Rabhchán 406

Comhartha digiteach é seo a chlúdaíonn an domhan go léir. Tá **cód aitheantais uathúil** ag


rabhcháin 406 atá mar chuid dá chomhartha. Nuair atá sé cláraithe i gceart cuireann an cód uathúil faisnéis ar fáil faoin mbád atá ag iompar an rabhcháin. Tá uimhir theagmhála éigeandála an úinéara agus an tír chláráithe san áireamh. Is féidir le satailítí geochoibhsaí an comhartha 406 a fháil ar ala na huair.

Is féidir rabhaidh bhréige ó rabhcháin 406 MHz a réiteach le glaoch gutháin mar go gcráolann na fearais seo cód aitheantas gur féidir a thrasthagairt le bunachar sonraí úinéireachta.



11.4 Gréasán Cumarsáide Mara VHF

Garda Cóstá na hÉireann
Gréasán Cumarsáide Mara VHF




Réamhaisnéisí aimsire ag 01:03, 04:03, 07:03, 10:03, 13:03, 16:03, 19:03 agus 22:03 ar na cainéil atá ag obair

Malin Head
Stáisiún Raidió Rialaithe

Valentia
Stáisiún Raidió Rialaithe

Dublin
Stáisiún Raidió Rialaithe

Réigiún Cuardaigh agus Tarrthála na hÉireann



11.5 Uathchóras Aithinte (UCA)

Is uathchóras rianaithe é an tUathchóras Aithinte (UCA) a úsáidtear ar longa agus ag seirbhísí tráchta árthaí (STS) chun árthaí a shainaitheint agus a aimsiú trí shonraí a mhalartú go leictreonach le longa eile atá in aice láimhe. Úsáidtear UCA go forleathán agus is uirlis úsáideach é ar bord árthaí áineasa. Is féidir leis a bheith cabhrach áthaí níos mó a aithint toisc nach mór do UCA a bheith ag árthaí paisinéara. Ní mór do UCA a bheith ag aon ártach le holltonnáiste de bhreis is 300 agus atá páirteach in iomraimh idináisiúnta, agus ag lastlonga le holltonnáiste de bhreis is 500 ar iomraimh bhaile. Tabhair faoi deara go d'fhéadfadh go bhfuil a lán ártach nach bhfuil UCA in úsáid acu. Is uirlis aitheantais é atá úsáideach ach ní choir é a úsáid chun imbhuailidh a sheachaint toisc nach bhfuil UCA ar bord gach ártach. Gné úsáideach eile den UCA ná go bhfuil méadú ag teacht ar líon na n-áiseanna loingseoireachta amhail baoithe agus tithe solais a bhfuil trasfhreagróirí acu chun cabhrú le haitheantas. Tá trasfhreagróirí cuardaigh agus tarrthála UCA (SART) ar fáil freisin atá in ann cabhrú chun taismeach a aimsiú i gcás cuardaigh agus tarrthála.



11.6 Marthanas ar an bhfarraige

Is é an bás le heipiteirme nó bá an baol is mó atá ann do dhaoine a mbíonn orthu a n-ártach a thréigean. Tig le teocht timpeallach na mara daoine a fhuarú go mear agus cuireann sé isteach ar a gcumas cabhrú leo féin agus iad san uisce.

Tar éis dul ar bord rafta tarrthála is féidir a bheith cloite fós ag an hipiteirme. Ba chóir do dhaoine na réamhchúraimí marthanas riachtanacha a ghlacadh.

Braitheann marthanas ar an bhfarraige, fiú ar feadh tréimhsí atá measartha gearr, ar an trealamh ceart, dóthain ullmhúchán agus eolas faoi theicnící marthanas.

Cuireann roinnt soláthraithe aitheanta **Cúrsa Marthanas Mara Bunúsach aon lae** ar fáil (sonraí ar na soláthraithe le fáil in Aguisín 9) ina gclúdaítear gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla de theicnící marthanas ar an bhfarraige.

11.6.1 Rafta Tarrthála a roghnú

Nuair atá rafta tarrthála á roghnú scrúdaigh an trealamh marthanais atá leis

Paca ORC

- Taomán
- Bladhmanna Dearga Láimhe (3)
- Spúinsí (2)
- Tóirse (le batairí agus bolgán spártha)
- Stopalláin ligin (tacar)
- Caidéal
- Fearas deisiúcháin
- Céaslaí (2)
- Scian sábháilteachta
- Bileog treorach
- Ancaire mara
- Caidhte tarrthála agus líne (30 m snámhach)

Moltar trealamh breise a iompar i mála greama oiriúnach.

Paca Seoltóireachta Domhanda

- Taoscaire
- Áiseanna cosanta teirmeacha (málaí marthanais) (2)
- Piollairí do thinneas farraige (6 cinn an duine ar a laghad)
- Málaí do thinneas farraige (1 an duine ar a laghad)
- Treoracha marthanais ar an bhfarraige
- Bladhmanna Dearga Láimhe (3)
- Bosca Garchabhrach (agus uisce chun cabhrú le piollairí a thógáil)
- Spúinsí (1 an duine)
- Tóirse (2 séalaithe go buan)
- Stopalláin ligin (tacar)
- Scáthán comharthaíochta

- Caidéal
- Fearas deisiúcháin
- Céaslaí snámhacha (2)
- Cárta comharthaíochta
- Feadóg
- Scian sábháilteachta
- Ancaire mara
- Leabhar nótaí ‘fliuch’ agus peann luaidhe
- Caidhte tarrthála agus líne (30 m snámhach)

Paca SOLAS B

- Taoscaire
- Spúinsí (2)
- Stopalláin ligin (tacar)
- Caidéal
- Fearas deisiúcháin
- Céaslaí snámhacha (2)
- Cárta comharthaíochta
- Bileoga treoracha
- Tóirse (le batairí agus bolgán spártha)
- Táibléid chun muirghalar a chosc (6 cinn an duine)
- Líne tarrthála agus caidhte
- Scian sábháilteachta
- Ancaire mara (2)
- Bosca Garchabhrach
- Mála tinnis (1 an duine)
- Feadóg
- Bladhmanna dearga paraisiúit (2)
- Bladhmanna dearga láimhe (3)
- Deatach snámhach oráiste
- Héileagraf
- Frithchaiteoir radair
- Áiseanna Cosanta Teirmeacha (málaí marthanais) (2)

Paca SOLAS A

Mar an gcéanna le Paca SOLAS B móide:

- Fearas iascaireachta
- Bladhmana dearga paraisiúit breise (2)
- Bladhmana dearga láimhe breise (3)
- Deatach snámhach oráiste breise
- Uisce (0.5 lítear an duine)
- Árthach grádaithe óil
- Ciondáil (10,000 kilojoules an duine; nach spreagadh tart)
- Stánoscloír

Tá sé riachtanach smaoineamh ar phointí áirithe agus rafta tarrthála á rognú:

- **Cuasáin Snámhachta le Dhá Urrann** – ionas nach gcuirtear snámhacht an rafta i mbaol má dhéantar dochar d’urrann amháin.
- **Ceannbhrat** – cosnaíonn sé an criú ón síon, laghdaíonn sé an baol ó nochtadh agus feabhsaíonn sé an seans nach ndéanfar aisiompú iomlán má iompaítear an rafta baol faoi nó má séidtear suas é agus é bun os cionn.
- **Urlár Inséidte** – tugann sé díonadh breise in aghaidh fuachta.
- **Ancaire Mara** – tugann sé cobhsaíocht mheasartha don rafta ar an bhfarraige.
- **Cúnaimh Bordála** – tugann sé an chabhair atá riachtanach do dhuine lánghléasta atá ag iarraidh teacht ar rafta tarrthála as an uisce.

Is gá go ndéanadh daoine oilte seirbhísiú rialta ar raftaí tarrthála chomh minic agus atá leagtha síos ag an déantóir agus ar chóir cloígh leo i gcónaí.



Ba chóir raftaí tarrthála a stuáil ar bord in áit ar féidir iad a imscaradh go mear. Is féidir iad a stuáil ar an deic nó i locar a osclaíonn díreach amach ar an deic. Más ar an deic a stuáiltear é, ba chóir don stóras a bheith in ann drochaimsir a sheasamh. Braitheann gach rafta tarrthála ar cheangal a théadáin feistithe le pointe láidir oiriúnach chun tús a chur lena séideadh.

11.6.2 Tréigean Loinge

Ní ceart cinneadh a dhéanamh árthach a thréigean ach nuair atá géarghá leis. Is minic a thugann bád a bhfuil damáiste nó éagumasú déanta dó níos mó cosaint don chriú, fiú nuair atá an aimsir go holc, ná mar a bheadh acu dá rachadh siad isteach san uisce nó dá ndéanfadh siad rafta tarrthála a imscaradh.

Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus cinneadh long a thréigean á dhéanamh:

- Riocht an bháid, cumas tiomána agus cumhachta.
- Tuileadh inmheánach.
- Cumais agus acmhainní pumpála bodharuisce.
- Coinníollacha aimsire.

- Cumarsáid le háiseanna tarrthála.
- Bail fhisiceach an chriú.

Má tá ártach á thréigean ar mhaithe le rafta tarrthála ba chóir cloí leis na pointí seo a leanas:

- Bíodh eolas agat faoin gcaoi cheart lena sheoladh. Léigh na teoracha roimh imeacht agus bí cinnte go bhfuil eolas ag an gcriú faoi shuíomh an rafta tarrthála agus an modh imscartha.
- Do chúrsáil amach ón gcósta: Ba chóir go mbeadh mála greama leis an trealamh cuí ar féidir a aistriú chuig an rafta tarrthála ag Catagóir A agus B.
- Sula ndéantar an rafta tarrthála a sheoladh, deimhnigh nach bhfuil daoine nó baic san uisce sa limistéar seolta.
- Fan go dtí go mbíonn an rafta tarrthála séidte go hiomlán sula ndéantar iarracht dul ar bord. Ná léim síos ar an gceannbhrat. Ná lig don rafta cuimilt in éadan an ártach atá á thréigean.
- Más féidir ar chor ar bith é téigh ar bord an rafta gan dul isteach san uisce chun tionchar an fhuachta a laghdú.
- Mura féidir dul ar bord an rafta gan dul isteach san uisce roghnaigh ionad oiriúnach chun an bád a fhágáil agus tabhair aird ar staid na mara agus ar shíobadh an bháid. Cuimhnigh gur féidir le raftaí tarrthála síobadh níos tapúla ná mar is féidir le formhór na ndaoine snámh.
- Caith sraitheanna breise éadaigh,

agus ceannbheart san áireamh chun cailliúint teasa ón gcolainn a sheachaint. Ba chóir GSP/seaicéid tarrthála a chaitheamh i gcónaí.

- Ná fan san uisce níos faide ná mar is gá.


Nuair atá an criú uile sa rafta tarrthála:

- Ba chóir an t-ártach a ghearradh saor.
- Ainligh amach ón ártach agus ó bhacainn ar bith.
- Cuir amach an t-ancaire mara.
- Dún gach oscailt chun teas a chaomhnú.
- Tabhair amach táibléid do thinneas mara.
- Cuir fairtheoir ar dualgas.
- Déan cothabháil ar an rafta tarrthála – séid an t-urlár suas, déan uisce a thaomadh, deimhnigh nach bhfuil uisce á ligean isteach, déan aeráil le hoscailt bheag.
- Fan in aice leis an suíomh deireanach a tugadh roimh thréigean na loinge

11.6.3 Marthanas san uisce

Mura mbíonn rafta tarrthála ar fáil, lean na teoracha seo a leanas:

- Bí cinnte go bhfuil sraitheanna breise éadaigh á gcaitheamh roimh dhul isteach san uisce.
- Caith hata agus más féidir clúdaigh codanna forimeallacha den chorp, m.sh. méara, barraicíní agus aghaidh.
- Ná léim isteach san fharraige. Úsáid dréimire taoibh má tá sé ar



fáil. Seachain bacainní san uisce in aice leis an gcabhair. D'fhéadfadh sé a bheith níos fearr an bád a thréigean ón gceann tosaigh nó ón gcúl ná óna lár.

- Seachain snámh neamhriachtanach chun fuinneamh agus teas an choirp a chaomhnú.
- Déan grúpa le marthanóirí eile más féidir ar mhaithe le bheith níos feiceálaí do lucht tarrthála.
- Las an solas ar an GSP/seaicéid tarrthála agus úsáid an fheadóg chun aird a tharraingt.

11.7 Duine i bhfarrage agus modhanna tarrthála

11.7.1 Duine i bhfarrage a tharrtháil

Is dúshlán mór dóibh siúd atá fágtha ar bord é má chailltear duine i bhfarrage mar caithfidh siad an t-árthach a shuíomh go sábháilte in aice leis an té atá san uisce agus an duine a thabhairt ar ais ar bord.

Is féidir leis a bheith níos tromchúisí



fós más é an scipéir atá ar iarraidh agus criú gan taithí ar bord.

Má thiteann duine den chriú thar bord ba chóir don chuid eile den chriú na gníomhartha seo a glacadh:

- Baoi tarrthála, mála caithimh, caidhte tarrthála, srl, a imscaradh.
- Ceap ball den chriú le súil a choinneáil ar an t-é atá san uisce i gcónaí ar neamhcheist le cén ainliú a dhéanann an bád.
- Ag brath ar chineál an árthaigh, déan an t-ainliú is gá mar a léirítear sa rannóg seo a leanas.
- Eisigh MAYDAY.

Cuir an duine i bhfarrage in aice leis an mbád agus má tá an duine sin ábalta go fisiceach, tabhair ar ais ar bord é le dréimire oiriúnach bordála nó le hardán snámha.



Má tá an ball den chriú traochta nó gortaithe, beidh gá le modhanna seachtracha slánaithe, ar nós:

- Guailléan sainithe slánaithe faoi ascaill an duine, le háilléir/unlais, bumaile, srl mar luamháin.
- Úim shábháilteachta an duine atá le slánú nó GSP/seaicéad tarrthála a bhfuil úim mar chuid de a úsáid.
- Seol imscartha thar an taobh a úsáid mar scúp agus tugtha ar ais trí rigeáil reatha an bháid a úsáid.
- Freastalaí inséidte a úsáid, díbhlogtha beagán chun an duine a bhaint as an bhfarraige.
- Seol an rafta tarrthála agus slánaigh an duine isteach ann.
- Ar bháid inséidte, d'fhéadfaí feadán amháin a dhíbhlogadh beagán chun cabhrú le slánú duine atá gortaithe nó gan aithne.

Bíonn ardán snámha ar mórán bád ag a gcúl chun cabhrú le daoine a bhaint as an uisce.

Ar bháid le hinnill chrochta, d'fhéadfaí an t-inneall a úsáid mar dhréimire ach é a bheith múchta.

Tarlaíonn frithluail uspóige, le hanálú neamhrialaithe, anbhá agus strus cairdiach dá bharr, nuair a thítear isteach in uisce fuar. Coinneoidh seaicéad tarrthála do cheann thar uisce, a chinnteoidh go n-análaíonn tú aer.

Tabhair aird ar an mbaol de hipiteirme a bhíonn ann do dhaoine a bhíonn tumtha in uisce ar feadh tamaill. Bí cinnte go gcoinnítear an taismeach tirim agus te. Níor chóir alcól a thabhairt don duine.

Is é atá i gcóireáil hipiteirme ná triomú, foscadh, agus téamh de réir a chéile. Ná cuimil corp an duine. Téigh an duine le blaincéid agus, más féidir, teas do choirp féin. Cé go gcabhraíonn blaincéid le duine teas an choirp a choimeád, ní leor iad chun hipiteirme a leigheas. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar croilár an choirp a théamh ar dtús nó brúfar an fhuil i dtreo an chroí agus seans go mbeadh sé ina údar báis.

11.7.2 Bád a stiúradh chun an duine i bhfarraige a tharrtháil

11.7.2.1 Árthach gan inneall

Bealach simplí le duine a tharraingt ar ais ar bord:

1. Cuir an t-árthach i síneadh "samhaltach" trasnán (bratóigín trasna an árthaigh). Tabhair roinnt spáis mara duit féin don ainliú agus cuir eagar ort féin chun an duine a bhaint den uisce.
2. Déan bordáil agus seoladh ar

First Gasp or Last Breath?

SAFETY
ON THE
WATER

Cold water shock kills

Facts

- Falling into cold water will result in a **gasp reflex** causing uncontrolled breathing, panic and cardiac stress.
- One gasp of water could kill you in **seconds**.
- Irish waters are cold enough to cause cold shock.
- Being a strong swimmer will not save you.
- A lifejacket keeps your head safely above water ensuring you gasp air.
- To work correctly, a lifejacket must be worn correctly.


Wear a properly fitted lifejacket and ensure that your first gasp is not your last breath.



www.safeyonthewater.ie

malairt síneadh trasnán (an duine san uisce anois ar an ngualainn sín).

3. Tar chuige ar gharshíneadh, ag éascú na scód sna céimeanna deiridh. Méadóidh an ródadh agus tú ag moilliú – bí réidh dó sin.
4. In ártach níos mó is fusa teacht ar thaobh na gaoithe de dhuine san uisce agus an slánú a dhéanamh ó thaobh na fothana.
5. I mbáidín, tar ar thaobh na fothana de dhuine san uisce agus déan an slánú ón scriúta síne.



11.7.2.2 Ártach le hinneall

Chun fanacht chomh cóngarach leis an duine san uisce agus is féidir:


1. Tar ar aghaidh in aghaidh na gaoithe ar leathbhord, fág an seol


cinn i gcléit ionas go stopann an bád (luaimh).

2. Caith téad tarraingthe chuig an duine san uisce, má tá sé i raon agus tarraing go leataobh an bháid é.
3. Mura bhfuil sé i raon an líne:
 - tosaigh an t-inneall
 - ísligh nó fill an seol cinn
 - cuir scód ar an bpríomhsheol i lár na loinge.

Bí cinnte nach bhfuil línte ná scóid ina luí scaoilte ar an deic nó thar an taobh a d'fhéadfadh dul i bhfostú sa lián.

4. Tiomáin go taobh na fothana den duine san uisce agus téigh i dtreo an duine in aghaidh na gaoithe





Gluaiseachtaí casta eile

- Más féidir leat an duine san uisce a fheiceáil go soiléir, is é an casadh amhairc 180 céim an ceann is tapúla.
- Má chailleann tú radharc ar an taismeach, de bharr drochléargais nó drochaimsire nó caoi na mara, is bealach maith é “Casadh Williamson” chun dul go cúrsa deilíneach a thabharfadh ar ais ar an lorg tú. Ón uair atá an scipéir eolach faoin “duine i bhfarraige”, cuir an stiúir ar dheis agus glac cúrsa “bunchúrsa + 60 céim”. Cuir an stiúir díreach ar clé ansin go dtí go mbíonn casadh iomlán déanta ag an ártach a thugann léamh an chompáis go “bunchúrsa móide nó lúide 180 céim”. Cuirfidh sé seo tú ar chúrsa deilíneach agus beidh ort dul ar aghaidh go mall le fairtheoir maith mar go mbeidh an taismeach díreach romhat amach.
- I ndrochaimsir, d’fhéadfadh an cúrsa deilíneach an mhuir a thabhairt go cúl an báid, agus sa chás sin d’fhéadfadh sé a bheith níos fearr dul chun cinn in aghaidh na mara go gearr nuair atá an casadh críochnaithe.
- Ná cuir am amú an fhad is atá an t-ártach ag casadh chun dul chuig an duine san uisce. Bí ullamh don slánú mar go mbeidh sé ródhéanach nuair atá an duine le taobh an bháid.
 - Cén taobh a rachaidh tú?
 - Bíodh téad tarraingthe réidh.
 - Caith GSP/seaicéid tarthála agus líne tharrthála; mura gcaitheann, d’fhéadfaí tú a tharraing sa mhullach ar an t-é atá san uisce.
- Braithfidh an rochtain thosaigh ar an duine san uisce ar choinníollacha aimsire agus mara agus ar chineál an bháid. Lig don aimsir cabhrú seachas cur isteach

ort. Stad ar thaobh na gaoithe agus tar anuas le sruth.

6. Má tá imní ort go rachaidh tú le sruth anuas ar an duine, tabhair cúl an bháid isteach sa ghaoth. Mura bhfuil muinín agat as do chumas láimhseála báid nó más cosúil go dtiocfaidh an bád anuas ar an duine san uisce, caith téad tarraingthe chucu agus tarraing isteach le taobh an bháid iad i suíomh atá sábháilte don slánú.
7. **Déan cinnte nach bhfuil an lián ag tiontú nuair atá tú taobh leis an duine san uisce.**

11.8 Tarraingt éigeandála – tarraingt ar téide a fháil nó a thabhairt

Ba chóir do gach dream atá páirteach sa ghníomhaíocht tabhairt faoi tharraingt le hullmhúchán agus le cúram. Má thairgeann bád tarrthála an RNLI cúnamh, lean treoracha an cheann feadhna i gcónaí, maidir le conas glacadh leis an líne agus é a dhaingniú.

I ngach cás eile, ba chóir aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Ba chóir GSP/seaicéid tharrthála a bheith ar gach ball den chriú atá ag obair ar an deic.
- Cuimhnigh ar línte tarrthála agus úmacha sábháilteachta a úsáid más gá iad sa riocht ina bhfuil an aimsir agus an fharraige.
- Bain úsáid as an líne is láidre agus is faide atá ar fáil duit. Nasc roinnt acu le chéile le snaidhm bhólaine más gá.
- Úsáid líne éadrom tarraingthe mar chéad líne le haistriú idir na báid. Is féidir an líne tarraingthe trom a chur trasna trí úsáid a bhaint as an líne seo.
- Caithfidh an bád atá ag tairiscint na tarraingthe a chinntiú nach dtéann an téad tarraingthe i bhfostú ina lián nuair atá sé á chur trasna agus nach mbeidh sé i dteagmháil leis an mbád míchumasach.
- Is féidir téad tarraingthe a chur ar snámh le sruth go ártach míchumasach trí úsáid a bhaint as fiondar.
- Ba chóir don dá ártach srian tarraingthe a úsáid chun an téad tarraingthe a dhaingniú. Déan cinnte go mbíonn an t-ualach scaipthe thar roinnt mhaithe cléiteanna nó baill dhaingne ar an deic ar mhaithe leis an ualach a leathadh amach agus le stiúradh éifeachtúil. Tabhair faoi deara le do thoil nach ndeartar cléiteanna áirithe i gcomhair tarraingtí agus d'fhéadfaidís a bheith ina nguais teilgthe nuair a thagann siad faoin ualach. Mar sin, moltar roinnt cléiteanna a úsáid mar a léirítear sa phictiúr.
- Bí cinnte go mbunaítear modh aontaithe cumarsáide, le VHF nó le comharthaí láimhe.
- Ba chóir don bhád atá ag tarraingt cur chun bealaigh go mall. Ba chóir luas a chur in oiriúint don ártach atá á tharraingt agus do na coinníollacha áitiúla farraige.
- In uisce oscailte, is fearr de ghnáth tarraingt i líne laistiar. Ach in uiscí



cosanta áfach agus nuair atáthar ag druidim le cainéil agus le leapacha, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach athrú tarraingt taobh le taobh, chun leabú, srl, a éascú.

- Ba chóir an t-árthach atá á tharraing a chuir beagán chun tosaigh ar lár an bháid atá ag tarraingt agus ceartú a dhéanamh le spriongaí agus rópaí brollaigh. Ceadaionn sé seo láithriú níos fearr don árthach atá ag tarraingt trí thionchar roth céasla a liáin féin, rud a bhíonn á chosc má bhíonn an bád atá faoi tharraingt laistiar de láthair stiúir an tuga. Má bhíonn an bád atá á tharraingt rófhada siar, éiríonn an t-ainliú an-deacair mar go mbíonn an dá bhád ag iarraidh a gcúrsa a athrú sa treo a bhfuil an bád atá á tharraingt ceangailte.

11.9 Modhanna tarrthála le héileacaptair

I gcás tarrthála le héileacaptair, ba chóir nóta a dhéanamh de na pointí seo a leanas agus iad a leanúint:

- Ullmhaigh go maith roimh ré sula dtagann an héileacaptair, bí cinnte go bhfuil an criú ar an eolas faoi na gnáthaimh chearta.
- Glan gach bacainn as an deic sula dtagann an héileacaptair. Déan cinnte de nach bhfuil aon nithe scaoilte nó soghluaiste ar an deic.
- Beidh criú an héileacaptair ag stiúradh gach gníomhaíocht – lean gach treo.
- Ná lig do ghleo an héileacaptair os do chionn cur isteach ort. B'fhéidir

go mba ghá ball den chriú a chur isteach sa bhád chun fanacht i dteagmháil raidió leis an héileacaptair mar gheall ar an ngleo iomarcach ar na deiceanna lasmuigh.

- Tabharfaidh an píolóta treoracha ar leith maidir leis an gcúrsa agus an treo a theastaíonn uaidh/uaithi tú a stiúradh. De ghnáth leanfaidh báid cúrsa a chuirfidh an ghaoth ag 30 céim leis an ngualainn clé. Is é an ceathrú clé is fearr a úsáid chun gníomhaíochtaí tochrais a dhéanamh. Tugann sé seo teagmháil amhairc don pháilóta ar an mbád agus ar an bhfear tochrais chomh maith.
- Mar go bhfuil baol ann go mbaileodh leictreachas statach de bharr an héileacaptair a bheith ar foluain, lean treoracha an pháilóta go díreach maidir le sreang díluchtaithe a thalmhú sula gcuirtear an fear tochrais ar bord. De ghnáth caitear an sreang sa mhuir chun leictreachas statach a dhíluchtú sula dtosaítear ag oibriú.
- Níor chóir riamh ná ar chúis ar bith an líne tochrais a cheangal leis an mbád.
- Nuair a thagann an fear tochrais ar bord, glacfaidh an duine sin ceannas ar gach oibriú ina dhiaidh sin. Lean na treoracha a thugtar i gcónaí.
- **Ná scaoil bladhm paraisiúit nuair atá héileacaptair ag feidhmiú in aice láimhe.**

11.10 Bladhmanna

Is bealach an-éifeachtúil iad bladhmanna chun comhartha a chur chuig aerárthaigh atá ag dul thar bráid agus báid atá sa chomharsanacht go bhfuil ártach i dtrioblóid agus cabhair de dhíth air.

Úsáidtear trí chineál bladhma mar chomharthaí guaise:



- Is san oíche a úsáidtear bladhmanna dearga láimhe agus bíonn siad le feiceáil suas le 10 km ón láthair.



- Is sa lá amháin a úsáidtear bladhmanna oráiste deataigh agus bíonn siad le feiceáil suas le 4 km ón láthair ar lá glan. D'fhéadfaidís a bheith den chineál láimhe nó cartús snámhach.



- Tig le bladhmanna roicéid paraisiúit dul chomh hard le 300 méadar agus is féidir iad a úsáid chun aird a tharraingt thar raon níos faide.

Dónn bladhmanna ar feadh nóiméid amháin agus mar sin ní ceart iad a úsáid ach nuair atá báid eile agus eitleáin sa chomharsanacht.



Tá bladhmanna bána ar fáil chun aird a tharraingt nó chun láthair bháid a mharcáil.

Pléascáin atá sna bladhmanna agus ba chóir iad a láimhseáil go cúramach. Ba chóir iad a stóráil i mbosca uiscédhíonach. Ba chóir a chinntiú nach bhfuil a ndáta deiridh imithe.



Bíodh a fhios ag gach duine ar bord cá bhfuil bladhmana stóráilte agus conas iad a úsáid.

Tá Treoracha Oibriúcháin clóite ar gach bladhm – léigh i gcónaí iad roimh scaoileadh!

Ná húsáid bladhmana nuair atá Héileacaptar Tarrthála sa chomharsanacht – lean treoracha an phiolóta i gcónaí.

11.10.1 Piriteicnicí caite a chur de láimh

Dátaí éaga piriteicnicí
Bíonn treoracha úsáide agus dátaí

éaga marcáilte go soiléir ar phacáil bhladhmana. Socraítear na dátaí éaga ar phiriteicnic (bladhmana) de réir fheidmiú an chomhartha guaise mar atá leagtha síos ag na húdaráis fhorpheasa mhuirí.

Úsáidtear caighdeán SOLAS chun cáilíocht agus feidmiú chomharthaí guaise a úsáidtear i n-árthaí tráchtála a rialú. De réir an dlí caithfidh árthaigh áineasa bladhmana formheasta ag SOLAS a iompar. Tá formhór na dtáirgí a chuirtear ar fáil don mhargadh siamsaíochta sa tír seo de chaighdeán SOLAS áfach.

Trí bliana tar éis a dhéanta a bhíonn mar an dáta éaga de ghnáth. Ba chóir bladhmanna a athsholáthar roimh an dáta éaga mar go meathann na ceimicí a úsáidtear iontu le himeacht ama agus gur féidir le athruithe teocht agus taise dlús a chur leis an bpróiseas seo.

Le hamharc orthu d'fhéadfadh bladhmanna atá as dáta a bheith ceart go leor. Mar sin féin:

- d'fhéadfadh siad dó ag gile níos lú (candela),
- is féidir le meath teacht ar dhath na bladhma,
- d'fhéadfaidís dó ar feadh tamaill níos faide, rud a chruthódh baol tine,
- d'fhéadfadh airde caithimh agus cobhsaíocht na heitilte a bheith athraithe ar roicéid,
- d'fhéadfadh bladhmanna dearga meath agus b'fhéidir nach n-aithneofaí mar chomharthaí guaise iad dá bharr sin.

Leagtar síos dátaí éaga lena chinntiú go bhfeidhmeoidh roicéid de réir chaighdeáin dhiana cáilíochta ag deireadh a saolré oifigiúil. Bíonn farasbarr sábháilteachta feidhmiúcháin ann do shaolré an táirge ionas go sásóidh na comharthaí guaise sonraíochtaí feidhmiúcháin na n-údarás formheasta fiú nuair nach mbíonn na coinníollacha stórála is fearr ann.

Ba chóir bladhmanna atá i ndáta a stóráil ar bord i mbosca snámhach uiscédhíonach.

Ba chóir bladhmanna atá as dáta a dhiúscairt go cúramach. Eisítear Fógraí Muirí ó am go ham i ndáil le piriticnicí caite a chur de láimh go sábháilte.

11.11 Gléasanna Móibíleacha

Níor chóir brath ar fhón póca mar an modh príomha chun dul i dteagmháil leis na seirbhísí éigeandála. É sin ráite, moltar go n-íompraítear fón póca lán-luchtaithe i mála stórála nó cásáil uiscédhíonach ar gach ártach a fheidhmíonn ar lochanna agus uiscebhealaí intire mar aon le ar uiscí cósta. Ba chóir don fhón póca a bheith iomlán luchtaithe i gcónaí agus ba cheart seiceáil a dhéanamh go rialta ar láidreachtaí chomharthaíochta agus táscaire luchtaithe an fhóin phóca fad is atá an t-ártach ar a shlí.